

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO  
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE  
EARRACH 2017**

---

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE**

---

**Triail Chluastuisceana– 100 MARC**

---

**Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn. Do gach ceist cuir ‘tic ’ i mbosca amháin gach uair.**

---

**Líon na boscaí seo, le do thoil:-**

<b>Uimhir Scrúdaithe</b>	<b>Uimhir PPS</b>	<b>Uimhir Oide</b>

## **ROINN A: FÓGRAÍ**

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### **FÓGRA I**

1. Cé na heagraíochtaí atá ag eagrú an chomórtais?

Peannaireacht na hÉireann agus Ard-Oifig na Múinteoirí.

An Post agus Cumann Múinteoirí Éireann.

Turais Scoile Speisialta agus Cumann na Múinteoirí Staire.

Gníomhaíochtaí Peannaireachta agus Cumann na Múinteoirí Gaeilge.

2. Cé orthu a bhfuil an comórtas dírithe?

Páistí bunscoile.

Múinteoirí bunscoile.

Tuismitheoirí.

Múinteoirí Peannaireachta.

3. Cén tréimhse staire a bheidh mar ábhar an chomórtais?

Deireadh an chéid seo caite.

Lár an chéid seo caite.

Tús an chéid seo caite.

Tús an chéid seo.

4. Céard a gheobhaidh na leanáí go léir i ranganna na mbuaiteoirí?

Turas ar an Ionad Cuairteoirí nua in Ard-Oifig an Phoist.

Turas speisialta timpeall na hÉireann.

Cóipleabhair don pheannaireacht.

Turas ar Ionad Cuairteoirí Chumann Múinteoirí Éireann.

5. Cén spriocdháta atá ann d'iontrálacha?

11 Aibreán, 2017.

25 Aibreán, 2017.

15 Aibreán, 2017.

5 Aibreán, 2017.

## FÓGRA II

1. Cén eagraíocht a eagraíonn an scéim ‘Gaelbhritach’?

Gaelbhritach Teoranta.

Gael Linn.

Gaeloideachas.

Gaeilge le Chéile.

2. Cé na scoileanna a bhfuil an scéim dírithe orthu?

Bunscoileanna ina múintear trí mheán na Gaeilge.

Scoileanna Gaeltachta ina múintear trí mheán na Gaeilge.

Bunscoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla.

Bunscoileanna ina múinteoir ceachtanna faoi bhritacha.

3. Céard atá le déanamh ag scoil chun gaelbhritach a fháil?

Gaeilge a mhúineadh trí mheán an Bhéarla.

Béarla a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

Clárú don scéim agus critéir a shásamh.

An bhritach a chur ar foluain.

4. Má bhíonn gaelbhritach lasmuigh de scoil, céard a léiríonn sí sin faoin scoil?

Go bhfuil leabhair Ghaeilge sa scoil.

Go mbíonn an Ghaeilge in úsáid go neamhfhoirmiúil sa scoil.

Go mbíonn an Béarla in úsáid sa scoil ag na páistí agus ag an bhfoireann.

Go bhfuil eolas maith ag na páistí faoi bhritacha an domhain.

5. Céard a fhaigheann scoileanna nuair a chláraíonn siad don scéim?

Bileoga oibre.

Léarscáil.

Leabhrán tacaíochta.

Dlúthdhiosca.

### FÓGRA III

1. Cá mbeidh na cúrsaí ar siúl amach anseo?

In Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath.

I gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste.

Sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

I Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann.

2. Cé a chuir an Lá Oiliúna ar fáil?

Seán Mac Corraidh agus Gabrielle NigUidhir.

Roinn na Gaeilge Coláiste na hOllscoile Naomh Muire.

Rannóg na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino.

Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann.

3. Cén grúpa a raibh an Lá Oiliúna dírithe orthu?

Páistí Bunscoile.

Iarrthóirí ar an gCáilíocht sa Ghaeilge.

Tuismitheoirí.

Teagascóirí.

4. Cén t-ábhar a clúdaíodh ag an Lá Oiliúna?

An S.C.G. agus O.C.G.

Stair na hÉireann.

An Ghaeilge i mBéal Feirste.

Gaeilge Uladh.

5. Cé a thug urraíocht don chomhoibriú?

An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Institiúid Oideachais Marino.

Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann.

Coláiste na hOllscoile Naomh Muire.

## ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### COMHRÁ I

1. Cén clár teilifíse a raibh na deartháireacha air le déanaí?

An *Late Late Show*.

Seó Graham Norton.

*Prime Time*.

Ardán.

2. Conas go bhfuil a fhios ag Daithí nach raibh daoine sa lucht féachana in ann iad a thuiscint?

Bhí siad ag labhairt go tapa.

Tá tuin láidir Chorcaí acu.

Dúradh é ar *Twitter*.

Bhí siad an-ghreannmhar.

3. Cén fhianaise a luann Daithí mar chruthú go bhfuil na deartháireacha an-tiomanta don rámhaíocht?

Bhí siad an-ghreannmhar.

Déanann siad trialacha ama gach lá.

Bíonn sé ag traenáil leo.

Bíonn siad ag traenáil gach lá.

4. Dar le Daithí, cén fáth a ndéanann na deartháireacha obair do na meáin chumarsáide?

Chun airgead a thuilleamh dóibh féin.

Chun an rámhaíocht a chur chun cinn in Éirinn.

Chun spórt agus craic a bheith acu.

Chun urraíocht a fháil dá gclub.

5. Conas go bhfuil a fhios againn go raibh tionchar ag na deartháireacha ar dhaoine óga?

Tá páistí ag iarraidh a bheith ar an teilifís cosúil leo.

Tá páistí ag iarraidh a bheith páirteach i gclubanna rámhaíochta.

Caitheann páistí na héadaí a chaitheann siad.

Féachann daoine óga ar na Cluichí Oilimpeacha.

**Ar lean →**

## COMHRÁ II

1. Cén fáth a bhfuil Tríona ar ais go luath ón mbaile mór?

Ní dheachaigh sí go dtí an gruagaire.

Bhí sé an-chiúin sa bhaile mór.

Ní dhearna sí an tsiopadóireacht.

Bhí deifir uirthi.

2. Cén rud nach dtugann Tomás faoi deara ar dtús?

Go bhfuair Tríona gúna nua.

Go bhfuil Tríona an-chiúin.

Gur tháinig Tríona abhaile go luath.

Go raibh Tríona ag an ngruagaire.

3. Cén fáth a raibh ar Thríona dul go dtí an siopa glasraí?

Ní raibh aon ghlasraí san ollmhargadh.

Ní raibh aon leitís san ollmhargadh.

Ní raibh aon chairéid san ollmhargadh.

Ní raibh aon oinniúin san ollmhargadh.

4. Cén dá rud a cheannaigh Tríona in Oifig an Phoist?

Ceadúnas Madraí agus Ticéad don Chrannchur Áitiúil.

Ceadúnas Tiomána agus Ticéad don Chluiche.

Ceadúnas Teilifíse agus Ticéad don Chrannchur Náisiúnta.

Stampaí agus ordú poist.

5. Céard a dhéanfaidh Tríona do Thomás mar chúiteamh má dhéanann Tomás an dinnéar?

Tabharfaidh sí an ticéad dó.

Roinnfidh sí a ticéad don Chrannchur Náisiúnta leis.

Íosfaidh sí an dinnéar.

Tabharfaidh sí an Ceadúnas Teilifíse dó.

### COMHRÁ III

1. Cén cúrsa a rinne Seán in Oideas Gael?

Cúrsa Ullmhúcháin don Ardeistiméireacht.

Cúrsa Ullmhúcháin don Cháilíocht sa Ghaeilge.

Cúrsa Ullmhúcháin don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas.

Cúrsa i Staidéir Aistriúcháin.

2. Cathain a chríochnaigh an cúrsa?

26 Feabhra.

6 Feabhra.

16 Feabhra.

20 Feabhra.

3. Cár fhan Niamh agus na gasúir?

I dteach le bean a' tí.

In árasán féinfhreastail le Seán.

Os cionn na siopaí le Seán.

In dteach ósta le Seán.

4. Conas a bhí an aimsir nuair a bhí Seán i nGleann Cholm Cille?

Go hainnis.

Fliuch agus Fuar.

Go hálainn.

Go huafásach.

5. Cén Ghaeltacht a bhfuil Moya ag smaoineamh ar cuairt a thabhairt uirthi?

An Daingean.

Gaoth Dobhair.

Gleann Cholm Cille.

An Rinn.

## ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta

### MÍR NUACHTA I

1. Cá raibh Seó Ardáin na Mumhan ar siúl i mbliana?

I Léim an Bhradáin.

I gCluain Meala.

I dTrá Lí.

I gContae Thiobraid Árann.

2. Céard a bhíonn le déanamh ag na páistí a ghlacann páirt i Seó Ardáin?

Dráma a chumadh agus a léiriú.

Dráma a fháil i leabhar.

Dráma a léamh ar an stáitse.

Amhrán a chumadh agus a léiriú.

3. Cén club a bhfuil baint ag Risteárd Ó Fuaráin leis?

Seó Ardáin na Mumhan.

Ógras Chluain Meala.

Ógras Léim an Bhradáin.

Ógras Laighean.

4. Lasmuigh de shamhlaíocht agus d'aisteoireacht chompordach, céard eile a mbíonn na moltóirí ag súil leis?

Ceol.

Gaeilge chruinn.

Geáitsí maithe.

Amhránaíocht mhaith.

5. Cén áit inar féidir ticéid a cheannach do Sheó Ardáin Laighean?

Ar líne.

I dTrá Lí.

Ag an doras.

Ó Risteárd Ó Fuaráin.

*Ar Lean →*



## MÍR NUACHTA II

1. Cár sheol an Taoiseach an polasaí nua?

In Oifig an Taoisigh.

I Scoil Náisiúnta Mhic Dara.

I gCathair na Gaillimhe.

Sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

2. Cé na bunscoileanna ina mbeidh cosc ar an mBéarla a mhúineadh do na naíonáin?

Bunscoileanna atá ag iarraidh aitheantas a fháil mar scoileanna Gaeltachta.

Bunscoileanna atá ag iarraidh deontas a fháil ón Aire Oideachais agus Scileanna.

Bunscoileanna atá suite gar don Roinn Oideachais agus Scileanna.

Bunscoileanna atá suite lasmuigh den Ghaeltacht.

3. Dar leis an Taoiseach, cén fáth a bhfuil an Ghaeltacht tábhachtach?

Do thodhchaí na teanga agus don chultúr Gaelach.

Don gheilleagar náisiúnta.

Do chúrsaí samhraidh do mhic léinn.

Do thurasóirí ón iasacht.

4. Cén post atá ag Richard Bruton?

Aire Sláinte.

Aire do Ghnóthaí Gaeltachta.

Aire Oideachais agus Scileanna.

Taoiseach.

5. Cén moladh a thug an Taoiseach do Richard Bruton?

Mhol sé é as an bpolasaí nua.

Mhol sé é as na dúshláin a lua.

Mhol sé é as ócáid dheas a eagrú.

Mhol sé é as a chaint a thabhairt trí Ghaeilge.

### MÍR NUACHTA III

1. Cén eagraíocht a rinne comhghairdeas le Cumann Lúthchleas Gael Shleacht Néill aréir?

Cumann Lúthchleas Gael.

Craobh Uladh don Spórt.

RTÉ.

Muintir na Tíre.

2. Lasmuigh de craobhchomórtas peile Uladh agus de chraobhchomórtas iománaíochta Uladh, cén comórtas eile a bhuaigh an cumann anuraidh?

Craobhchomórtas cispheile Uladh.

Craobhchomórtas rothaíochta Uladh.

Craobhchomórtas Liathróid Láimhe Uladh.

Craobhchomórtas camógaíochta Uladh.

3. Cén contae ina bhfuil Sleacht Néill?

Contae Dhún na nGall.

Contae na Gaillimhe.

Contae Dhoire.

Contae an Chláir.

4. Cé mhéad clann atá ina gcónaí i Sleacht Néill?

3.

300.

303.

3000.

5. Conas go bhfuil a fhios agat go bhfuil an teanga Ghaeilge tábhachtach do na daoine i Sleacht Néill?

Tá an áit cosúil le Gaeltacht bheag.

Bíonn ranganna Gaeilge ar fáil ann.

Níl aon Bhéarla ag na peileadóirí ann.

Tá club Gaeilge ag na himreoirí ann.